Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Nollaig 2023**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0448(COD)**

**16405/23**
**ADD 6**

**VETER 110**
**AGRI 792**
**AGRILEG 338**
**CODEC 2409**
**IA 357**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Nollaig 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2023) 402 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE **maidir le cosaint ainmhithe le linn iompair agus oibríochtaí gaolmhara, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1255/97 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ón gComhairle** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2023) 402 final.

---

Faoi iamh: SWD(2023) 402 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.12.2023
SWD(2023) 402 final

# DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

*a ghabhann leis an doiciméad*

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le cosaint ainmhithe le linn iompair agus oibríochtaí gaolmhara, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1255/97 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ón gComhairle**

{COM(2023) 770 final} - {SEC(2023) 397 final} - {SWD(2023) 399 final} - {SWD(2023) 401 final}

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
|---|
| Measúnú tionchair le haghaidh an Athbhreithnithe ar Reachtaíocht an Aontais maidir le Leas Ainmhithe |

## A. An gá atá le beart

### Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?

Ó glacadh reachtaíocht an Aontais atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le leas ainmhithe (sna 1990í go príomha), tá forbairt tagtha ar an eolaíocht, tá aird mhéadaitheach á tabhairt ag saoránaigh den Aontas ar leas ainmhithe agus tá athrú tagtha ar iompraíochtaí agus feasacht tomhaltóirí i leith na saincheiste. Ar na cúiseanna sin, áirítear athbhreithniú ar reachtaíocht an Aontais atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le leas ainmhithe i measc na ngníomhaíochtaí faoin Straitéis 'ón bhfeirm go dtí an forc', chun rannchuidiú le córas táirgthe bia níos inbhuanaithe san Aontas.

Mar atá deimhnithe ag meastóireacht chuimsitheach ('Seiceáil Oiriúnachta'), ní chuirtear na forbairtí sin san áireamh go hiomlán sa reachtaíocht inniu. Is iad seo a leanas na príomhfhadhbanna a bhfuiltear le díriú orthu san athbhreithniú ar an reachtaíocht maidir le hainmhithe a chosaint le linn iompair:

- **Cuirtear leas ainmhithe i mbaol le linn iompair** de dheasca dálaí iompair áirithe, chomh maith le heaspa uirlisí nua- aimseartha éifeachtacha forfheidhmiúcháin.
- **Míchothroime iomaíochta d'oibreoirí gnólachtaí AE** ar an margadh aonair, arb iad difríochtaí i gcur chun feidhme agus i bhforfheidhmiú cheanglais choiteanna an Aontais, chomh maith le píosaí éagsúla reachtaíochta arna nglacadh ar an leibhéal náisiúnta chun ainmhithe a chosaint le linn iompair, is cúis léi.

### Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?

De bharr reachtaíocht an Aontais a thabhairt níos gaire don fhianaise eolaíoch is déanaí, agus d'ionchais saoránach, cuirfear feabhas mór ar leas an bhreis agus billiún ainmhí a iompraítear laistigh de na Ballstáit agus eatarthu, agus a onnmhairítear chuig tríú tíortha, gach bliain. De bharr forálacha níos soiléire agus nuashonraithe, ina gcuirfear san áireamh an fhianaise eolaíoch is déanaí, agus úsáid mhéadaithe a bheith á baint as teicneolaíocht nua- aimseartha, beidh sé níos éasca d'oibreoirí gnólachta an reachtaíocht athbhreithnithe a chomhlíonadh agus d'údaráis inniúla í a fhorfheidhmiú. Ina theannta sin, cuideoidh an tionscnamh le laghdú a dhéanamh ar shaobhadh sa Mhargadh Aonair atá nasctha le dálaí iompair ainmhithe beo chun críoch eacnamaíoch. Ar deireadh, rannchuideoidh an tionscnamh le córas táirgthe bia níos athléimní agus inbhuanaithe san Aontas.

### Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?

Tá gá le rialáil ar leibhéal an Aontais Eorpaigh de thoradh chineál trasteorann an iompair ainmhithe. Mura ndéanfaí ach gníomhaíochtaí ar an leibhéal náisiúnta amháin, bheadh píosaí éagsúla reachtaíochta dá gcuid féin ag na Ballstáit as a leanfadh tuilleadh ilroinnte, saobhadh iomaíochta agus leibhéal éagothrom leasa ainmhithe ar fud an Aontais. Trí thacar rialacha nuashonraithe agus níos aonchineálaí a ghlacadh, d'éascófaí an trádáil ainmhithe laistigh den Aontas agus dhéanfaí i gcomhthéacs cothroime iomaíochta níos fearr i measc oibreoirí an Aontais í. Dá réir sin, chuirfí feabhas ar an margadh inmheánach, agus chuirfí ardluachanna an Aontais i leith leas ainmhithe chun cinn ní b'éasca ar an leibhéal domhanda.

## B. Réitigh

**Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?**

Sainaithníodh sé bheart chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a dtugtar tuairisc orthu thuas. I gcás cuid de na bearta sin, rinneadh machnamh ar roghanna malartacha beartais. Ar bhonn anailíse ilchritéar ar a dtionchair ar leas ainmhithe agus ar a dtionchair eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil, bunaíodh an teaglaim seo a leanas de roghanna beartais ab fhearr (agus idirthréimhsí áirithe ann i gcás inarb ábhartha):

1) Teorainn bhreise a chur le uasfhaid ama turas chun ainmhithe beo a iompar (9 n-uair an chloig ar a mhéad i gcás ainmhithe a iompraítear lena marú; agus i gcás ainmhithe eile: 21 uair an chloig (+ tréimhse sosa 24 uair an chloig) + tréimhse turais 21 uair an chloig).
2) Lamháltas spáis san fheithicil a mhéadú ar bhonn mholtaí EFSA.
3) Na uasfhaid ama turas a chur i bhfeidhm freisin maidir le honnmhairí ainmhithe beo ón Aontas agus a cheangal go n-úsáidfear uirlisí breise chun a ráthú go gcomhlíonfar rialacha an Aontais chomh fada leis an gceann scríbe, i gcomhréir leis an rialú ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (e.g. oifigeach leasa ainmhithe ar bord soithí, soithí chun dea- chaighdeáin sábháilteachta muirí a chomhlíonadh).
4) Ceanglais leasa ainmhithe a mhéadú i ndáil le hiompar ainmhithe leochaileacha (e.g. i gcás laonna nach bhfuil bainte den diúl: uasfhad ama turais 9 n-uair an chloig + beathú 1 uair an chloig + 9 n-uair an chloig, má fhormheastar córas éifeachtach beathaithe; Aois íosta 5 seachtaine agus meáchan íosta 50 kg chun go n-iomprófar laonna nach bhfuil bainte den diúl).
5) Rialacha a athbhreithniú chun fulaingt ainmhithe le linn iompair ag teochtaí arda a theorannú (má léiríonn réamhaisnéis na haimsire teochtaí 25 °- 30 °C, ní cheadaítear ach turais ghearra a dhéanamh le linn sholas an lae; más airde an teocht ná 30 °C, ní iompraítear ach istoíche iad).
6) An leas is mó is féidir a bhaint as uirlisí digiteacha chun forfheidhmiú rialacha iompair a éascú (e.g. aimsiú suímh feithiclí fíor- ama; bunachar sonraí lárnach agus feidhmchlár digiteach).
7) Rialacha sonracha a thabhairt isteach maidir le cait agus madraí a iompar (e.g. teorainneacha aoise agus dálaí teochta).

**Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo**

Mar a léirítear sna tuairimí éagsúla a chuir na páirtithe leasmhara in iúl, is réimse easaontais é leas ainmhithe inarb annamh a bhíonn na dearcthaí céanna ag eagraíochtaí neamhrialtasacha agus an tionscal ina thaobh, cé go n-aontaíonn siad leis an gcuspóir go gcuirfí feabhas ar leas ainmhithe agus go laghdófaí saobhadh an mhargaidh inmheánaigh. Go ginearálta, tá páirtithe leasmhara an tionscail ar aon intinn maidir leis na dálaí iompair (teocht, lamháltas spáis, dálaí feabhsaithe le haghaidh onnmhairiú, go háirithe trí iompar muirí), ach tá drogall orthu teorainn bhreise a chur le faid ama turas, go háirithe i gcás onnmhairí ainmhithe beo ón Aontas. Tá an tionscal roinnte go hinmheánach, áfach, mar gheall ar reachtaíocht náisiúnta éagsúil na mBallstát as a leanann leasanna éagsúla tionscail. Ar an taobh eile, ní thacaíonn eagraíochtaí neamhrialtasacha leis an rogha go leanfaí de bheith ag onnmhairiú ainmhithe beo faoi choinníollacha diana, agus b'fhearr leo go gcuirfí toirmeasc ar onnmhairiú ainmhithe beo. Ar an gcaoi chéanna, tá siad i bhfabhar uasfhaid ama turas i bhfad níos déine a bheith ann (8 n-uair an chloig ar a mhéad do gach ainmhí).

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cad iad na tairbhí a bhaineann leis an rogha thosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad tairbhí na bpríomhroghanna)?**

Tá coinne leis go mbeidh tairbhí suntasacha leasa ainmhí ag gabháil leis an rogha beartais ab fhearr. Ina theannta sin, beidh tionchar dearfach aici ar iompróirí agus oibreoirí gnólachtaí eile de chuid an Aontais: agus rialacha ann a bheidh níos comhchuibhithe ná na cinn atá inniu ann, tairbheoidh siad de bhreis cothroime iomaíochta ar an Margadh Aonair. Thairis sin, de bharr dálaí leasa níos fearr le linn iompair,

beidh rioscaí sláinte na n-ainmhithe níos ísle, laghdófar rátaí mortlaíochta chomh maith leis an gcéatadán d'ainmhithe a shroicheann an ceann scríbe agus iad tinn nó gortaithe, rud a laghdóidh dá réir sin an ráta diúltaithe conablach i seamlais (agus a sheachnóidh na costais a bhaineann le conablaigh a scriosadh, rud a mheastar a bheith ag luach EUR 27 in aghaidh an chonablaigh), a chuirfidh feabhas ar cháilíocht feola agus a fhágfaidh go mbeidh gnóthachain eacnamaíocha ag táirgeoirí, trí chostais laghdaithe tréidliachta mar shampla.

Beidh tairbhí sochaíocha indíreacha ag an tionscnamh freisin, e.g. trína bheith ag rannchuidiú leis an riosca frithsheasmhachta frithmhiocróbaí agus leathadh galar zónóiseach a laghdú, agus trína bheith ag freagairt níos fearr d'ionchais saoránach maidir le leas ainmhithe.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

Beidh ar chuideachtaí iompair oiriúnú do phatrúin nua iompair agus leoraithe breise a cheannach, b'fhéidir, i ngeall ar an lamháltas spáis méadaithe. I gcás iompar muirí, beidh ar roinnt díobh soithí nua a cheannach nó a soithí a athchóiriú chun a áirithiú go gcomhlíonfar caighdeáin sábháilteachta muirí.

Ar an meán ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, meastar gurb é an toradh a bheidh ar thionchar carnach na rogha beartais ab fhearr go dtiocfaidh méadú EUR 0,014 in aghaidh an chileagraim feola, bainne nó uibheacha ar chostais táirgthe in aghaidh na bliana. Na tionchair a bheadh aige sin ar leibhéil táirgeachta, allmhairiúcháin, onnmhairiúcháin agus ar phraghsanna do thomhaltóirí, tá coinne leis go mbeidh siad diomaibhseach (faoi bhun 1 % i bhformhór na gcásanna) agus níl coinne le haon tionchar mór ar an tslándáil bia ach oiread.

A mhéid a bhaineann le hinacmhainneacht bia, ag brath ar an tráchtearra, tá coinne leis gurb é a bheidh sna tionchair ar phraghsanna do thomhaltóirí caiteachas breise idir EUR 2,81 agus EUR 14,09 in aghaidh an duine in aghaidh na bliana, ag brath ar aiste bia agus ioncam.

Laghdófar roinnt costais atá ann cheana de bharr an choigiltis a thabhófar as ualach riaracháin laghdaithe i ngeall ar an digitiú. Measadh gurb é EUR 71 mhilliún in aghaidh na bliana an coigilteas sin.

**Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?**

Is FBManna iad gnólachtaí uile an Aontais, nach mór, a bhíonn páirteach in ainmhithe a iompar, de réir an ghnáth- shainmhínithe ar FBManna (níos mó ná 250 fostaí). Ar an iomlán, tá na tionchair eacnamaíocha teoranta, agus tugtar aghaidh dá réir sin ar riachtanais FBManna. Ina theannta sin, déantar foráil maidir le hidirthréimhsí a bheidh fada go leordhóthanach chun go n-éascófar oiriúnú rianúil. Chomh maith leis sin, gheofar gnóthachain agus coigilteas a bhuí le cáilíocht feola níos fearr, ráta diúltaithe conablach níos ísle agus níos lú úsáide a bheith á baint as táirgí íocshláinte tréidliachta.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Gan aon tionchar suntasach.

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?**

E.S.

## D. Iarobair

**Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an tionscnamh?**

Déanfar meastóireacht ghinearálta 10 mbliana tar éis teacht i bhfeidhm dó. Chun na críche sin, ullmhóidh an Coimisiún tuarascáil cur chun feidhme agus mheastóireachta, agus na sonraí a bailíodh ar bhonn an Rialachán athbhreithnithe á gcur san áireamh chomh maith leis na sonraí ón gCóras um Rialú Trádála

agus um Shaineolaithe (TRACES) agus ó thuarascálacha bliantúla na mBallstát ar na rialuithe oifigiúla a rinneadh.